
An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Daoine óga agus NEETanna san Eoraip: Na chéad torthaí

## > résumé <



*'Mura bhfuil daoine óga i gcónaí i gceart,*
*tá an tsochaí a dhéanann neamhaird dóibh agus a chaitheann anuas orthu i gcónaí mícheart.'*

François Mitterand

## Réamhrá

I gcomhthéacs a chláir oibre 2011, tá iniúchadh déanta ag Eurofound ar chás daoine óga atá páirteach i ngrúpa NEET: 'nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint'. Ba é aonad Fostaíochta agus Iomaíochais Eurofound, agus úsáid á baint aige as acmhainn Líonra na Réadlann Eorpach, a rinne an taighde. An aidhm a bhí leis an taighde ná cás reatha na ndaoine óga san Eoraip a scrúdú, ag díriú go speisialta orthu siúd nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint, agus tuiscint a fháil ar na hiarmhairtí geilleagracha agus sóisialta a bhaineann lena ndíscor ón margadh fostaíochta agus ón oideachas. Tá réamhthorthaí an taighde curtha i láthair sa doiciméad gairid seo.

Tá daoine óga san Eoraip buailte go dona ag an gcúlú eacnamaíochta chomh fada is a bhaineann lena n-ionchais fhostaíochta. De réir na bhfigiúirí is déanaí ó Eurostat, sa chéad ráithe de 2011, bhí laghdú ar ráta fostaíochta na n-óg san Eoraip go dtí 32.9%, an luach is ísle riamh san Aontas Eorpach ó cuireadh tús le taifid a choinneáil. In Iúil 2011, bhí ráta dífhostaíochta na n-óg san Eoraip cothrom le 20.7% – céatadán a chiallaigh go raibh thart ar 5 mhilliún duine óg dífhostaithe.

Tá éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara i rannpháirtíocht daoine óga sa mhargadh fostaíochta ag leibhéal an Bhallstáit. Tá léargas le fáil i bhFigiúr 1 (lastall) ar dháileadh ráta dífhostaíochta na n-óg san Eoraip in Iúil 2011.

In ainneoin difríochtaí tábhachtacha a bheith le tabhairt faoi deara idir Ballstáit, tá margadh fostaíochta na n-óg i bhfad níos luainí ná margadh fostaíochta na n-oibrithe lánfhásta, agus is gnách go bhfuil dífhostaíocht i measc na n-óg níos íogaire d'athruithe ar OTI le hais na dífhostaíochta trí chéile. Nuair a thagann moill ar fhás sa gheilleagar, méadaíonn ráta dífhostaíochta na n-óg. Ní hamhlaidh a bhíonn i gcónaí, áfach, don daonra trí chéile.

Dá bhrí sin, i dtréimhsí cúlaithe eacnamaíochta , bíonn daoine óga leochaileach: is minic gurb iad an chéad ghrúpa a fhágann an margadh fostaíochta agus an grúpa deiridh isteach sa mhargadh fostaíochta, de bhrí go mbíonn siad in iomaíocht le lucht cuardaigh fostaíochta a bhfuil níos mó taithí fostaíochta acu i margadh a bhfuil níos lú post ann.


## Príomhthátail

**An cuma faoi inscne?**

Riamh anall, bhí níos mó tionchair ag dífhostaíocht ar mhná ná fir. Le blianta beaga anuas, áfach, tá rátaí dífhostaíochta d'fhir agus do mhná san AE27 comhtháite, agus sa chéad ráithe de 2008, bhí ráta dífhostaíochta na n-óg níos airde i measc na bhfear ná na mban. Agus tús curtha leis an ngéarchéim, tá méadú i bhfad níos mó tagtha ar dhífhostaíocht i measc na bhfear i gcomparáid le mná. Cruthúnas é seo ar thréithe follasacha an chúlaithe deiridh – tréithe a bhuail na hearnálacha déantúsaíochta agus tógála go tréan, earnálacha a mbíonn céatadán suntasach d'fhir fostaithe iontu de ghnáth. Le cúpla ráithe anuas, áfach, tá rátaí dífhostaíochta i measc na bhfear agus na mban ag comhtháthú lena chéile arís; thosaigh dífhostaíocht i measc na bhfear ag laghdú sa dara ráithe de 2010, agus lean dífhostaíocht i measc na mban ag méadú.

D'ainneoin treocht ghinearálta comhtháthaithe, tá éagsúlacht shuntasach le brath ar chúrsaí ag leibhéal náisiúnta. Tríd is tríd, i dtíortha Lochlannacha agus Eorpacha (san RA ach go háirithe), agus ag an am céanna i dtíortha i lár agus in oirthear na hEorpa, tá ráta dífhostaíochta na n-óg i measc na bhfear níos airde ná ráta dífhostaíochta na n-óg i measc na mban; i gcodarsnacht leis sin, a mhalairt atá le tabhairt faoi deara i ndeisceart na hEorpa. Féadfar cás níos cothroime a fháil san Ostair agus san Ísiltír.

*Figiúr 1:* Ráta dífhostaíochta na n-óg san Eoraip, 2011




Foinse: Eurostat

**An bhfuil oideachas fós tábhachtach?**

Is gnách go mbíonn ról lárnach ag leibhéal oideachais i ndáil leis an duine aonair a chosaint i gcoinne na dífhostaíochta: dá airde an leibhéal oideachais, is ea is ísle dóchúlacht na dífhostaíochta. Tá an éifeacht seo laghdaithe, áfach, ag an gcúlú. Go deimhin, léiríonn torthaí na n-anailísí staitistiúla, ina ndéantar comparáid idir an dóchúlacht a bhaineann le bheith dífhostaithe sa tréimhse réamhchúlaithe in 2007 agus 2009, gur laghdaigh éifeacht chosanta an ardoideachais sna tíortha ar fad.

I dtíortha áirithe, ní hionann oideachas treasach a bheith ag duine agus laghdú ar an riosca dífhostaíochta i gcomparáid le duine nach bhfuil cáilíochtaí ar bith aige. Tá sé seo amhlaidh i dtíortha áirithe Meánmhara (an Ghréig, an Iodáil agus an Phortaingéil) agus i dtíortha in oirthear na hEorpa (an Eastóin, an Liotuáin, an Rómáin agus an tSlóivéin), an Danmhairg agus an Fhionlainn san áireamh freisin. Tá daoine a bhfuil leibhéil dhifriúla oideachais acu buailte ag éifeachtaí an chúlaithe eacnamaíochta is déanaí, agus níl cinnteacht ar bith ann go mbíonn ardoideachas ina chosaint ina éadan.

**Tionchar an chúlaithe eacnamaíochta**

Riamh anall, bhí an ráta dífhostaíochta i measc na n-óg ard i roinnt Ballstát. D'fhéadfadh comparáid a dhéanamh idir an cúlú eacnamaíochta a tharla ag tús na 1990í chun cabhrú linn a fháil amach an bhfuil tionchar níos measa ag an gcúlú eacnamaíochta is déanaí seo ar dhaoine óga, i dtéarmaí dífhostaíochta, (féach Figiúr 2).


De bhrí nach bhfuil ach sonraí áirithe ar fáil, mar chuid den staidéar seo, ní dhearnadh scrúdú ach ar chúig thír sa réamhanailís: an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn, an tSualainn agus an RA. Ag tosú leis an ráithe nuair a bhí an ráta dífhostaíochta is deireanaí ag an bpointe is ísle roimh an gcúlú a taifeadadh ('cor tábhachtach'), rinneadh na hathruithe ráithiúla a ríomh sa mhéadú ar dhífhostaíocht i gcoibhneas leis an ráithe ina raibh an ráta dífhostaíochta is ísle.

I ngach tír, forbraíodh dhá shraith dhifriúil: léargas é an chéad sraith ar an méadú ar dhífhostaíocht le linn an chúlaithe eacnamaíochta sna 1990í, agus léargas é an dara sraith ar impleacht an chúlaithe eacnamaíochta is déanaí. Tá amfráma 12 ráithe luaite leis an dá shraith, agus cuirtear an difríocht idir an dá shraith san áireamh.

Léiríonn na torthaí gur 'déjà-vu' de chineál éigin í éifeacht an chúlaithe eacnamaíochta is déanaí ar dhífhostaíocht i measc na n-óg sa tSualainn, sa Ghearmáin, agus i bpáirt sa RA. I gcodarsnacht leis sin, sa Spáinn agus san Iodáil, bhí tionchar an chúlaithe eacnamaíochta níos láidre ná mar a bhí roimhe seo. Spéisiúil go leor, tá an chosúlacht ar an scéal gur éifeacht mhoillithe a bhí le tabhairt faoi deara san Iodáil: bhí an tionchar a bhí ag an gcéad chuid den chúlú eacnamaíochta is déanaí ag teacht leis an gcúlú eacnamaíochta roimhe, agus ina

dhiaidh sin chuaigh an scéal in olcas, agus chuaigh seasamh coibhneasta oibrithe óga i léig níos mó ná mar a chuaigh le linn an chúlaithe eacnamaíochta roimhe.

Figiúr 2: Comparáid idir dífhostaíochta na n-óg i gcúlú eacnamaíochta na 1990í agus 2008




Foinse: Eurostat – ríomh Eurofound

## Próífíl an ghrúpa NEET

Is minic go gcáintear na táscairí traidisiúnta a úsáidtear le léargas a fháil ar rannpháirtíocht sa mhargadh fostaíochta de bhrí go bhfuil teorainn lena hábhartha is atá siad do dhaoine óga. Ní thugann staitisticí bunúsacha dífhostaíochta agus fostaíochta léargas cruinn ar chás daoine óga de bhrí gur mic léinn iad go leor díobh agus, dá réir sin, táthar á rangú amhail is nach bhfuil siad páirteach sa mhargadh fostaíochta.

Le déanaí, tá lucht déanta beartas an AE tosaithe ar aird a dhíriú ar ghrúpa NEET. I measc an ghrúpa seo áirítear daoine atá idir 15 agus 24 bliain d'aois, beag beann ar leibhéal oideachais, daoine atá díscortha ón obair agus ón oideachas, agus, dá réir sin, i mbaol eisiata ón margadh fostaíochta agus i mbaol eisiaimh shóisialta.

Is ag deireadh na 1980í, san RA, a cuireadh tús le húsáid an acrainm NEET, acrainm arb ionann é agus bealach éagsúil le daoine óga a rangú i ndiaidh athruithe a dhéanamh ar bheartais sochair dífhostaíochta. Ó shin i leith, tá níos mó spéise léirithe i ngrúpa NEET ag leibhéal beartais AE, agus cruthaíodh sainmhínithe ar choibhéis NEET i mbeagnach gach Ballstát. Tá ról lárnach anois ag an ngá atá le níos mó béime a leagan ar NEETanna sa tsraith nua treoirlínte comhtháite do bheartais gheilleagracha agus fostaíochta atá molta ag an gCoimisiún Eorpach.


Níl aon amhras ach go bhfuil deacracht ann: bunaithe ar na meastacháin is deireanaí ó Eurostat, i 2010 bhí an cion daoine óga nach raibh i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint cothrom le 12.8% den daonra atá idir 15 agus 24 bliain d'aois san AE27, figiúr arb ionann é agus thart ar 7.5 milliún duine óg (Figiúr 3). Tá éagsúlacht shonrach le tabhairt faoi deara sa chéatadán seo i mBallstáit an AE: ó 4.4% san Ísiltír go dtí 21.8% sa Bhulgáir. Seachas i Lucsamburg, tá méadú suntasach tagtha ar an líon NEETanna sna Ballstáit ar fad ó thosaigh an cúlú; i 2010 san Iodáil agus san RA, bhí daonra NEET cothrom le thart ar 1.1 mhilliún dóibh siúd atá idir 15–24 bliain d'aois.

### Tosca riosca

Tá comhaontú ginearálta sa litríocht faoin raon fachtóirí sóisialta, geilleagracha agus pearsanta a chuireann leis na féidearthachtaí gur NEET a bheidh i nduine. Scrúdaítear an riosca anseo trí iniúchadh a dhéanamh ar na fachtóirí riosca poitéinsiúla a bhaineann leis an duine aonair agus a chúlra teaghlaigh, trí úsáid a bhaint as sonraí ó Shuirbhé Luachanna na hEorpa (EVS) 2008 – suirbhé mórscála, trasnáisiúnta, agus fadaimseartha bunaithe ar luachanna bunúsacha daonna. Is léir ó na torthaí go bhfuil tionchar ag na fachtóirí seo a leanas ar an dóchúlacht gur NEET a bheidh sa duine:

- tá níos mó seans ann, 40% níos mó, go mbeidh daoine a bhfuil **míchumas de chineál éigin orthu** rangaithe mar NEET i gcomparáid le daoine eile;
- tá níos mó seans ann, 70% níos mó, go mbeidh daoine a bhfuil **cúlra inimirce acu rangaithe mar NEET i gcomparáid le náisiúnaigh**;
- tá a thrí oiread seans go mbeidh daoine a bhfuil **leibhéal íseal oideachais acu rangaithe mar NEET i gcomparáid leo siúd a bhfuil oideachas treasach acu**;

Figiúr 3: Rátaí NEET 2010 san Eoraip (%)




Foinse: Eurostat

- tá níos mó seans ann, 1.5 uair níos mó, go mbeidh daoine a bhfuil cónaí orthu i g**ceantair thuaithe** rangaithe mar NEET;
- tá níos mó seans ann go mbeidh daoine óga a bhfuil **ioncam íseal teaghlaigh** acu rangaithe mar NEET i gcomparáid leo siúd a bhfuil ioncam meánach á saothrú acu.
- méadaítear an dóchúlacht 17% go mbeidh daoine á rangú mar NEETanna má tá **tuismitheoirí acu a bhí dífhostaithe**;
- dúblaítear an dóchúlacht go mbeidh daoine á rangú mar NEETanna má tá **leibhéal íseal oideachais ag a dtuismitheoirí**;
- méadaítear an dóchúlacht 30% go mbeidh daoine óga á rangú mar NEET má tá a d**tuismitheoirí colscartha**.

In ainneoin na dóchúlachta atá ann go mbeadh roinnt míbhuntáistí luaite leo, is catagóir ilchineálach iad NEETanna, catagóir ina bhfuil meascán foghrúpaí. Is ar éigean go bhfuil smacht ar bith nó beagán smachta ag daoine áirithe ar a gcás féin, daoine óga dífhostaithe, tinn nó faoi mhíchumas, agus cúramóirí óga. I gcodarsnacht leis sin, tá smacht iomlán ag foghrúpaí eile ar a gcás féin: níl bac mar gheall ar oibleagáidí nó neamhábaltachtaí orthu siúd nach bhfuil sa tóir ar phost nó ag déanamh iarratais ar chúrsaí oideachais a leithéid a dhéanamh, ná orthu siúd atá páirteach i ngníomhaíochtaí amhail ealaín agus taisteal.

Chuige sin, ba chóir go leagfaí béim ar an bpointe, mar choincheap, gur tosaíodh ar NEET a úsáid i bhfoclaíocht beartais gan mórán machnaimh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist leis agus a theastaíonn uaidh a léiriú. Is mar mhalairt bealaigh chun rangú a dhéanamh ar dhaoine óga idir 16 agus 17 bliain d'aois a úsáideadh é ó thús, agus anois tá sé in úsáid chun patrúin leochaileachta i measc daoine óga (15–24 bliain d'aois) a léiriú i gcomhthéacs athruithe trioblóideacha, áit a bhfuil an baol ann go bhféadfadh gur catagóir iarmharach staitistiúil a bheadh sa ghrúpa.

Dá réir sin, tarraingíonn an téarma NEET aird ar nádúr ilghnéitheach an mhíbhuntáiste, ó tharla go n-áiríonn sé grúpaí difriúla a bhféadfadh riachtanais dhifriúla a bheith acu ach ar dócha go mbeidh siad dífhostaithe go rialta nó go mbeidh siad neamhpháirteach in oideachas agus oiliúint go gearrthréimhseach agus go meántréimhseach. Chuige sin, in ainneoin na hilchineálachta atá le sonrú i ndaonra NEET, tá an ceart ag rialtais agus ag comhpháirtithe sóisialta spriocanna a shonrú chun leibhéal iomlán na NEETanna a laghdú, fad is a áiríonn sé raon tionscnamh difriúil atá ag teacht le riachtanais dhifriúla na bhfoghrúpaí éagsúla NEET.

**Costais gheilleagracha**

Is léir gurb ionann NEET agus poitéinseal daoine óga a ligean le sruth, agus chomh maith leis sin, tá iarmhairtí diúltacha aige ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar. D'fhéadfaí tréimhsí caite mar NEET a bheith mar bhonn le raon níos leithne coinníollacha diúltacha sóisialta, dála aonrú, fostaíocht neamhdhaingean agus ghearríoctha, coireacht, agus fadhbanna meabhairshláinte agus fadhbanna le folláine coirp. Baineann costas le gach ceann de na torthaí seo, agus dá réir sin, ní hamháin go gcruthaíonn stádas NEET fadhb don duine aonair, cruthaíonn sé fadhbanna don tsochaí agus don gheilleagar trí chéile.

Is é an aidhm atá leis an rannóg seo cuid de na costais seo a mheas. Ní mór béim a leagan ar an bpointe nach é is aidhm leis an anailís seo tráchtearrú a dhéanamh ar dhaoine óga, seachas sin, tá sé mar aidhm leis machnamh a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar chúrsaí dá mbeadh daoine óga NEET ag obair. Creidtear go bhféadfadh ról a bheith ag tuiscint ar an luach breise a d'fhéadfaidís a chur leis an ngeilleagar in iarrachtaí an rialtais agus na gcomhpháirtithe sóisialta NEETanna a chomhtháthú sa mhargadh fostaíochta a neartú.

Is tasc casta é an costas a chruthóidh NEETanna ar an ngeilleagar a ríomh, agus níl ach méid áirithe iarrachtaí taighde luaite leis sa litríocht. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara, go háirithe, go raibh gach staidéar a rinneadh roimhe seo dírithe ar an mBreatain nó ar an RA. Tá sé mar aidhm leis an staidéar seo na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist do 21 Ballstát an AE a mheas.

Tá dhá phríomhchúis mar bhonn leis an gcastacht a bhaineann le costas geilleagrach NEETanna a oibriú amach: ar an gcéad dul síos, tá sraith iomlán na gcostas féideartha, d'fhéadfaí costais reatha agus costais mheántréimhseacha agus fadtréimhseacha a bheith i gceist, an-mhór agus fairsing. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair teacht ar shonraí costas den chineál sin nó d'fhéadfadh go mbeadh sé dodhéanta teacht orthu. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an gcineál cur chuige modheolaíochta a roghnaítear don mheastachán ar an toradh deiridh.

D'eascair dhá chreat costais as taighde a rinneadh roimhe seo: 'costais airgeadais phoiblí' agus 'costais acmhainní'. Na chéad iarrachtaí impleacht ghrúpa NEET ar airgeadas poiblí a aithint agus scéimeanna leasa á gcur san áireamh (dála sochair dhífhostaíochta, sochair linbh, sochair thithíochta, liúntais oideachais agus eile) mar aon le caiteachas breise ar shláinte, leas agus ceartas coiriúil. Tá an ghné ar a dtugtar 'costais iomlána acmhainní' san áireamh sa dara creat. Áiríonn sé seo meastacháin ar chaillteanas sa gheilleagar, caillteanais a eascraíonn ó shochair leasa don duine aonair agus don teaghlach, mar aon leis an impleacht i dtéarmaí acmhainní nó deischostais don chuid eile den tsochaí (ioncam fostaithe agus féinfhostaíochta, sochair neamhairgid fostaithe, táirgí atá á dtáirgeadh ag an duine dá úsáid féin, pinsin ó phleananna príobháideacha, srl.). Chun críocha an taighde seo, tá an staidéar seo bunaithe ar anailís ar na costais atá á gcruthú ag an dá chreat seo don gheilleagar: costais airgeadais phoiblí agus costais acmhainní.

Déantar an anailís trí úsáid a bhaint as Staitisticí 2008 an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC), suirbhé trasghearrthach agus fadaimseartha bliantúil ionadaíoch Eurostat ar dhálaí maireachtála an daonra i dtithe príobháideacha san Eoraip.[1] Déantar anailís ar 21 tír – níor cuireadh an Danmhairg, an Fhrainc, an Fhionlainn, an Ghréig, Málta ná an tSualainn san áireamh ó tharla athróga a bheith in easnamh.

Is sa daonra daoine idir 16–29 bliain d'aois atá an spéis. Sa rannóg seo amháin, ba é an sainmhíniú a rinneadh ar ghrúpa NEET iad siúd atá dífhostaithe nó neamhghníomhach le haghaidh tréimhse sé mhí nó níos mó i rith thréimhse tagartha an tsuirbhé. Is é an buntáiste a bhaineann leis an gcur chuige fadaimseartha seo i ndáil le stádas NEET a shainmhíniú ná go n-aithnítear fíorphatrúin díscoir seachas eolas a bhailiú faoi chásanna teagmhasacha nó aistrithe, agus tá sé níos feiliúnaí d'aidhm an staidéir seo.

**Ag ríomh an bhille bhliantúil**

Tá an costas a chruthaíonn NEET cothrom le suim chostais na n-acmhainní (tuilleamh tarscaoilte) agus costais airgeadais phoiblí (aistriú farasbairr) mar atá sainmhínithe thuas. Meastar gurb ionann tuilleamh tarscaoilte agus an difríocht idir an tuilleamh cruthaithe ag NEET agus an tuilleamh cruthaithe acu siúd atá i bhfostaíocht. A dhála sin, déantar aistriú farasbairr a ríomh mar an difríocht idir méid

1 Féach http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/microdata/eu_silc

iomlán na sochar faighte ag NEET agus na sochair faighte acu siúd atá i bhfostaíocht. Féadfar an dá dhifríocht seo a ríomh bunaithe ar na cur chuige modheolaíochta difriúla seo a leanas bunaithe ar thoimhdí difriúla.

Cur chuige simplí is ea an difríocht idir an meán-ioncam agus meán-aistrithe idir grúpa NEET agus daoine óga i bhfostaíocht. Is ionann suim an dá fhigiúr seo agus costas aonaid a bheidh luaite le duine NEET. Chun an costas iomlán a bhaineann leo siúd ar NEETanna iad a fháil níl le déanamh ach an figiúr seo a mhéadú faoin líon iomlán NEET. Déantar an tasc seo, ar bhonn aonair, do gach Ballstát, agus ansin déantar na hiomláin a chomhiomlánú.

Tá an cur chuige seo, réasúnta garbh, áfach, sa mhéid is nach n-áiríonn sé go bhfuil tréithe áirithe luaite le grúpa NEET. Tá an-seans ann go mbeidh NEETanna faoi mhíbhuntáistí éagsúla dála leibhéal íseal oideachais, cúlra imirce agus droch-choinníollacha sláinte. Dá thoradh sin, laghdaítear a n-acmhainn phoitéinsil tuillimh i gcomparáid leis an ‘gnáth’ duine óg fostaithe. Chuige sin, leagann an modh simplí seo an iomarca béime ar an acmhainn poitéinsil tuillimh mar aon leis an mbonn a bhaint den ghá atá le híocaíochtaí aistrithe a chur i dtreo NEET.

Cur chuige níos sofaisticiúla a áiríonn tréithe difriúla NEET é an modh staitistiúil ar a dtugtar ‘claonadh meaitseála scór’. In ionad glacadh leis go bhfuil leibhéal tuilleamh poitéinsil agus leibhéal aistrithe duine NEET díreach mar a chéile i gcás duine óg fostaithe, trí thairbhe a bhaint as an modh seo déantar gach NEET a mheaitseáil leis an duine óg fostaithe is inchomparáide bunaithe ar shraith tréithe a thugann míniú ar a bhfuil i gceist le stádas NEET. Ansin, déantar comparáid idir ioncam gach duine NEET agus ioncam duine óg amháin fostaithe nó níos mó a bhfuil na tréithe aige/acu agus a bheadh ag NEET. Ní chuirtear na daoine óga sin nach bhfuil inchomparáide mar go bhfuil a dtréithe níos difriúla ná NEET san áireamh. Is ionann ar bhealach an modh smaointeoireachta seo agus cás cúpla staitistiúil a bhfuil na tréithe comhionanna luaite leo, ach amháin gur NEET é leathchúpla agus gur duine óg fostaithe é leathchúpla.

Ar an mbonn seo, chruthaigh easpa rannpháirtíochta NEETanna sa mhargadh fostaíochta sa 21 tír a cuireadh san áireamh, €2 bhilliún in aghaidh na seachtaine dá saoránaigh (féach Tábla 1). Is féidir iomlán na bliana, thart ar €100 billiún, arb ionann é agus 1% dá OTI comhiomlán, a roinnt i €94 billiún de thuilleamh tarscaoilte agus €7 billiún d'aistrithe farasbairr. Ag leibhéal na tíre, an Iodáil (€26 billiún) agus an RA (€16 billiún) a íocann an bille is costasaí in euro. I dtéarmaí chéatadán OTI, áfach, Éire agus an Bhulgáir a íocann an bille is costasaí (breis is 2% de OTI), agus ansin an Iodáil (1.7%). I gcodarsnacht leis sin, tá costas NEETanna don Lucsamburg agus don Ghearmáin réasúnta teoranta (0.34% agus 0.65% OTI, faoi seach).

Meastachán den chostas a chruthaíonn grúpa NEET don gheilleagar iad na figiúirí seo, agus tá siad bunaithe ar na sainmhínithe atá tugtha ar chostais na n-acmhainní agus an airgeadais phoiblí thuas. Tá an meastachán teoranta don chostas reatha agus tagraíonn sé do 2008. Is fo-mheastachán de chostais iarbhír NEETanna an meastachán seo, áfach, de bhrí nach bhfuil costais bhreise do shláinte, ceartas coiriúil agus cánacha gan íoc ar thuilleamh tarscaoilte san áireamh sa sainmhíniú a úsáideadh. Chomh maith leis sin, ní chuirtear an deacracht a bhaineann le heaspa dídine san áireamh anseo. Locht amháin a dhéantar ar an staidéar seo is ea, nach bhfuil sé indéanta gach NEET sa mhargadh fostaíocht a chur san áireamh ó tharla an líon folúntas poist a bheith teoranta, agus ar aon chuma, ní bheadh gach NEET toilteanach dul i mbun oibre.

*Tábla 1:* Costas bliantúil an ghrúpa NEET (in aghaidh NEET agus iomlán)

| Tír | Iomlán na gcostas acmhainne (bn) | Iomlán na gcostas airgeadais phoiblí (bn) | Costas iomlán an NEET (bn) | Costas an NEET mar sciar den OTI (%) |
|---|---|---|---|---|
| **AT** | €2.876 | €0.235 | €3.111 | 1.1 |
| **BE** | €3.437 | €0.734 | €4.171 | 1.2 |
| **BG** | €0.928 | €0.006 | €0.934 | 2.6 |
| **CY** | €0.220 | €0.009 | €0.229 | 1.3 |
| **CZ** | €1.699 | €0.034 | €1.733 | 1.2 |
| **DE** | €13.850 | €2.259 | €16.109 | 0.7 |
| **EE** | €0.231 | €0.006 | €0.238 | 1.5 |
| **ES** | €10.472 | €0.935 | €11.406 | 1.1 |
| **HU** | €1.580 | €0.085 | €1.665 | 1.6 |
| **IE** | €3.335 | €0.510 | €3.845 | 2.1 |
| **IT** | €26.327 | €0.304 | €26.631 | 1.7 |
| **LT** | €0.258 | €0.014 | €0.272 | 0.8 |
| **LU** | €0.123 | €0.012 | €0.135 | 03 |
| **LV** | €0.313 | €0.011 | €0.324 | 1.4 |
| **NL** | €4.497 | €0.217 | €4.714 | 0.8 |
| **PL** | €5.020 | €0.365 | €5.386 | 1.5 |
| **PT** | €1.844 | €0.093 | €1.937 | 1.1 |
| **RO** | €1.170 | €0.031 | €1.201 | 0.9 |
| **SI** | €0.339 | €0.004 | €0.344 | 0.9 |
| **SK** | €0.553 | €0.022 | €0.575 | 0.9 |
| **RA** | €14.817 | €1.545 | €16.363 | 0.9 |
| **AE21** | €93.889 | €7.431 | €101.320 | 1.1 |

Foinse: Ríomh Eurofound. Eisiatar DK,EL, FI, FR, MT agus SE de bharr athróga in easnamh.

Tá sé seo fíor gan aon dabht. De bhrí go luaitear costas aonaid gach NEET, léiríonn an anailís go gcruthódh athchomhtháthú 10% de NEETanna sa mhargadh fostaíochta coigilteas bliantúil de bhreis agus €10 mbilliún. Mhéadófaí an tsuim seo go €21 billiún dá bhféadfadh an margadh fostaíochta 20% de ghrúpa NEET a ionsú.

## Gné shóisialta de stádas NEET

Tá buarthaí curtha in iúl ag lucht déanta beartais faoi iarmhairtí agus impleachtaí féideartha de chuid stádas NEET, maidir le teagmháil dhaonlathach agus rannpháirtíocht shibhialta agus faoin mbaol atá ann go n-éireodh daoine óga áirithe as páirt a ghlacadh sa tsochaí shibhialta. Tá na samplaí de léirithe daoine óga le déanaí san Iodáil, sa Spáinn agus sa RA, chomh maith le fás na ngluaiseachtaí antoisceacha den eite dheis i dtíortha na Críche Lochlannaí agus na Mór-Roinne atá ina n-ábhar imní.

Sa chreat seo, imscrúdaítear an baol amhréire NEET, trí iarmhairtí imeallú sóisialta agus polaitiúil daoine óga a iniúchadh. Déantar an anailís trí dhíriú ar shraith táscairí a úsáidtear go forleathan sa litríocht chun anailís a dhéanamh ar an mbaol aimhréire sa tsochaí. Cuireadh an anailís i gcrích le EVS 2008 agus cuireadh leis an tábla simplí staidrimh tuairisciúil le múnlaí staidrimh, le hiniúchadh an bhfuil na difríochtaí ar leagadh béim orthu sna táblaí tuairisciúla ann go fóill, fad is atá athróga sochdhéimeagrafacha agus teaghlaigh a meá.

**Muinín in institiúidí**

Tá daonlathas ionadaíoch bunaithe ar an bhfíric go bhfuil muinín ag muintir na sochaí as a gcuid institiúidí. D’fhéadfadh muinín ghinearálta feidhmiú mar chosc le hathruithe tobanna ar an tsochaí. Nuair a chuirtear a gcás ar leith san áireamh, is dóchúil go bhfuil cuid mhaith mímhuiníne ag na NEETanna as

institiúidí, ós rud é go bhféadfadh go gceapann siad nach bhfuil sé de chumas ag na húdaráis a bhfadhbanna a réiteach. D'fhéadfadh sciar mór daoine óga atá 'éadóchasach go polaitiúil' cur le dlisteanacht córais dhaonlathacha sochaithe a bhaint dá mbonn.

Rinneadh measúnú ar mhuinín as institiúidí san EVS 2008, trí thomhas a dhéanamh ar leibhéil mhuiníne maidir le seacht mír: an pharlaimint náisiúnta, an rialtas, an córas dlí, na póilíní, polaiteoirí, páirtithe polaitíochta, an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe.

Tríd is tríd, is measartha íseal é an leibhéal muiníne in institiúidí i measc na n-óg (Tábla 2). Ar an meán, tá leibhéal níos ísle de mhuinín in institiúidí ag NEETanna i gcomparáid le 'ETTanna' (iad siúd atá i mbun fhostaíochta, oideachais nó oiliúna): 4.2 i gcomparáid le 4.8 as 10 bpointe. I measc na bhfoghrúpaí NEET, is iad lucht dífhostaithe an dream is lú a bhfuil muinín acu as institiúidí (4.1 pointe). Tá na difríochtaí seo ar fad suntasach ar bhonn staidrimh.

*Tábla 2:* Muinín in institiúidí (0-10 bpointe)

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Fostaithe | 4.5 |
| EET | 4.8 | Mic léinn | 5.1 |
| | | Cúramóirí óga | 4.4 |
| NEET | 4.2 | Dífhostaithe | 4.1 |
| | | Eile | 4.4 |

Foinse: EVS 2008 – ríomh Eurofound

**Rannpháirtíocht agus spéis i bpolaitíocht**

Is féidir sainmhíniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht pholaitiúil sa daonlathas mar na gníomhartha go léir a dhéanann grúpaí nó daoine aonair d'fhonn tionchar a imirt ar chinntí an rialtais agus tá sí ar cheann de phríomhghnéithe an daonlathais ionadaíoch. Bíonn daoine á spreagadh ag an muinín atá acu go bhfuil an rialtas ag éisteacht leo agus go bhfuil sé in ann freastal ar a n-éilimh agus a riachtanais. Os a choinne sin, d'fhéadfadh líon mór daoine a bheith ag éirí as rannpháirtíocht pholaitiúil an bonn a bhaint de shochaithe agus éagobhsaíocht pholaitiúil a ghríosadh. Tá an baol go n-éireodh daoine óga as rannpháirtíocht pholaitiúil toisc iad a bheith éadóchasach agus tosú dá gcoimhthíos a chur in iúl trí pháirt a ghlacadh i ngluaiseachtaí atá antoisceach go polaitiúil, loitiméireacht agus coimhlintí leis na póilíní.

Déantar tomhas ar rannpháirtíocht pholaitiúil san EVS 2008 trí thrí mhír: mian vótála in olltoghcháin, suim sa pholaitíocht agus rannpháirtíocht i agus obair dheonach do pháirtithe polaitiúla.

Tríd is tríd, is lú an seans go vótálfaidh NEETanna i dtoghcháin náisiúnta (64%) i gcomparáid le EETanna (75%) (Tábla 3). Tá an leibhéal rannpháirtíochta is lú taifeadta i measc daoine dífhostaithe (62%) agus tá an leibhéal is airde taifeadta i measc na mac léinn (77%) agus na ndaoine fostaithe (75%). Tá suntas staidrimh ag baint leis an difríocht seo chomh maith nuair a bhíonn athróga sochdhéimeagrafacha á meá: tá difear 35% idir líon na ndaoine óga dífhostaithe nach dócha go mbeidh siad ag vótáil i dtoghcháin náisiúnta i gcomparáid leis na EETanna.

Ina theannta sin, tá níos lú spéise ag NEETanna sa pholaitíocht ná mar atá ag EETanna. Leoga, níor dhearbhaigh ach 28% de NEETanna go raibh 'an-spéis' nó 'spéis measartha' acu sa pholaitíocht, i gcomparáid le 40% de ETTanna. I measc na bhfoghrúpaí, taifeadadh an spéis ba lú sa pholaitíocht i measc na gcúramóirí óga (22%) agus na ndaoine dífhostaithe (30%). Nochtann torthaí an mhúnla staidrimh go bhfuil suntas staidrimh ag baint leis na difríochtaí seo.

*Tábla 3:* Rannpháirtíocht agus spéis i bpolaitíocht

| | | | |
|---|---|---|---|
| *An gcaithfeá vóta ag toghchán náisiúnta amárach? (% a chaithfeadh)* | | | |
| | | Fostaithe | 74.8 |
| EET | 75.3 | Mic léinn | 76.5 |
| | | Cúramóirí óga | 68.9 |
| NEET | 64.8 | Dífhostaithe | 62.3 |
| | | Eile | 65.7 |
| *Cé mhéid spéise atá agat i bpolaitíocht? (% spéise)** | | | |
| | | Fostaithe | 40 |
| EET | 40.2 | Mic léinn | 41.2 |
| | | Cúramóirí óga | 22.3 |
| NEET | 28.7 | Dífhostaithe | 30.8 |
| | | Eile | 34.4 |
| ** suim de chuid 'an-spéis' nó 'spéis measartha'* | | | |
| *Muintearas le agus/nó obair dheonach le haghaidh páirtí polaitíochta (% tá)* | | | |
| | | Fostaithe | 3.9 |
| EET | 3.6 | Mic léinn | 2.9 |
| | | Cúramóirí óga | 1.6 |
| NEET | 1.6 | Dífhostaithe | 1.3 |
| | | Eile | 2.3 |

Foinse: EVS 2008 – ríomh Eurofound

Tá leibhéal rannpháirtíochta na n-óg i bpáirtithe polaitíochta measartha íseal go ginearálta. Ach tá sciar na NEETanna atá páirteach i bpáirtí polaitíochta i bhfad níos ísle i gcomparáid leis na EETanna (1.6% agus 3.9% faoi seach). Ar leibhéal na bhfoghrúpaí, tá an sciar is mó rannpháirtithe i measc daoine óga fostaithe (3.6%) agus tá an céatadán is lú i measc na ndaoine dífhostaithe (1.3%). Tá suntas staidrimh ag baint leis an leibhéal difriúil rannpháirtíochta nuair atá athróga sochdhéimeagrafacha agus a bhaineann le teaghlaigh a mheá. Is lú an dóchúlacht ar ráta 70% de dhaoine óga dífhostaithe a bheith ag glacadh páirte i bpáirtithe polaitíochta ná daoine fostaithe.

**Rannpháirtíocht shóisialta**

Glactar le rannpháirtíocht i gcineálacha difriúla cumann mar uirlis chun caipiteal sóisialta a charnadh agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú dá bharr. D'fhéadfaí féachaint ar neart na rannpháirtíochta i gcumainn a bheith ina dheis oiliúna ar dhaonlathas agus mar chomhartha ar chumas féineagraithe pobail nó sochaí ar leith.

Léiríodh i dtuarascálacha staidéir roimhe seo go laghdaíonn dífhostaíocht méid na teagmhála sóisialta. Féachtar ar an laghdú seo a bheith ina fhadhb, ós rud é go bhféadfadh mádú a bheith ann sa dóchúlacht go n-éireodh an NEET as an tsochaí agus go mbeidís eisiata go sóisialta.

Thomhais EVS 2008 an rannpháirtíocht in eagraíochtaí foirmiúla, trí cheist a chur ar na daoine ar leith an raibh siad páirteach i gceann amháin nó i méid áirithe cineálacha eagraíochtaí: dhearbhaigh 26% de NEETanna go raibh siad páirteach in eagraíocht amháin ar a laghad. Tá an sciar seo i bhfad níos lú ná figiúr na EETanna (46%). Tá suntas staidrimh ag baint leis an difríocht nuair atá athróga sochdhéimeagrafacha á meas.

Tugann an taighde le fios nach mbíonn na torthaí céanna i gceist ar gach cineál rannpháirtíochta, ó thaobh caipiteal sóisialta agus comhtháthú sóisialta. Déanann an aicsím chlasaiceach idirdhealú idir caipiteal sóisialta 'traschóirithe' (nó cuimsitheach) agus 'nasctha' (nó eisiach): aithníonn an chéad cheann acu sin na cumainn eis-bhreathnaitheacha agus cuimsíonn sé daoine ó chúlraí sóisialta ilghnéitheacha, agus baineann an dara ceann le cumainn in-

bhreathnaitheacha ar gnách dóibh féiniúlacht ar leith agus grúpaí aonchineálacha a athneartú.

Trí 12 mhír ó EVS 2008 a úsáid, roinneadh an cineál rannpháirtíochta le hais dhá chatagóir:

- traschóiriú idir eagraíochtaí leasa, gníomhaíocht phobail áitiúil, forbairt an tríú domhain, cearta daonna, an comhshaol, gluaiseachtaí síochána, eagraíochtaí sláinte deonaí;
- nascadh idir eagraíochtaí reiligiúnacha, ceardchumainn, cumainn ghairmiúla, páirtithe polaitíochta.

Rinneadh bailíochtú ar chomhsheasmhacht na ngrúpaí teoiriciúla trí theicnící staidrimh, lena ndeimhnítear an teoiric go bhfuil an dá phríomhghrúpa sin ann.

Tá an sciar de rannpháirtíocht na NEETanna i dtraschóiriú eagraíochtaí beagán níos lú ná an méid a taifeadadh le haghaidh EETanna (9.2% i gcomparáid le 11.6%) (Tábla 4). Ach níl suntas staidrimh leis na difríochtaí seo, áfach: go deimhin, is é an grúpa ina bhfuil an sciar rannpháirtithe is airde ná aicme iarmharach NEET (daoine nár luaigh aon fháth le bheith ina NEET agus ar mó an seans go bhfuil smacht iomlán acu ar a gcás féin), dream a raibh 16.5% acu i gceist. Ina theannta sin, níor tugadh aon difríochtaí suntasacha staidrimh faoi deara nuair a bhí athróga sochdhéimeagrafacha á meas: tá an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh NEETanna páirteach sna cumainn de chineál nasctha is a bheadh ag EETanna.

Rud nach ionadh, tá pátrún difriúil aitheanta maidir le rannpháirtíocht sna heagraíochtaí d'fhoirm nasctha. Tá comhréir na NEETanna atá páirteach san fhoirm seo eagraíochta i bhfad níos ísle i gcomparáid leis na EETanna (9.6% i gcomparáid le 19%). Tá suntas staidrimh ag baint leis an difríocht seo. Ina theannta sin, nochtann an anailís ar leibhéal na bhfoghrúpaí go bhfuil an sciar is ísle rannpháirtithe ann i measc na gcúramóirí óga (6%) agus na ndaoine dífhostaithe (9%). Tá suntas staidrimh ag baint leis na difríochtaí nuair atá athróga sochdhéimeagrafacha á meas: tá seans níos lú ar ráta thart ar 60% ann go mbeadh cúramóirí óga agus daoine dífhostaithe páirteach in eagraíochtaí nasctha i gcomparáid leis na daoine eile.

*Tábla 4:* Rannpháirtíocht shóisialta

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Muintearas le agus/nó obair dheonach d'aon eagraíocht (% tá)* | | | |
| EET | 46 | Fostaithe | 44.4 |
| | | Mic léinn | 49,3 |
| NEET | 26.6 | Cúramóirí óga | 18.5 |
| | | Dífhostaithe | 25.1 |
| | | Eile | 49.7 |
| *Muintearas le agus/nó obair dheonach do chineálacha traschóirithe eagraíochta (% tá)* | | | |
| EET | 11.6 | Fostaithe | 12 |
| | | Mic léinn | 10.6 |
| NEET | 9.2 | Cúramóirí óga | 8 |
| | | Dífhostaithe | 7.9 |
| | | Eile | 16.5 |
| *Muintearas le agus/nó obair dheonach do chineálacha nasctha eagraíochta (% tá)* | | | |
| EET | 19 | Fostaithe | 20.6 |
| | | Mic léinn | 15.7 |
| NEET | 9.6 | Cúramóirí óga | 6.4 |
| | | Dífhostaithe | 9.2 |
| | | Eile | 17.3 |

Foinse: EVS 2008 – ríomh Eurofound

Nochtann torthaí na hanailíse go bhfuil an grúpa NEET, go háirithe foghrúpa na ndaoine dífhostaithe, suaitheanta, sa chaoi go bhfuil níos lú muiníne acu in institiúidí agus leibhéal níos ísle rannpháirtíochta polaitiúil agus sóisialta ina measc. Ar an mbonn seo, deimhníonn fianaise eimpíreach go bhfuil baol aimhréire níos mó i gceist i measc NEETanna mar ghrúpa, go háirithe daoine óga dífhostaithe agus is mó an seans go n-éireoidh siad as a bheith páirteach sa tsochaí. Ar an mbonn seo, tá buarthaí lucht déanta beartas faoi impleachtaí stádas NEET ar theagmháil dhaonlathach fírinnithe go hiomlán, ar aon dul leis an ngá atá le bearta polasaí chun an NEET a thabhairt isteach sa mhargadh saothair nó san oideachas arís.

## Tionscnaimh bheartais náisiúnta chun daoine óga a chomhtháthú

Mar iarmhairt ar na forbairtí a bhfuil cuma níos diúltaí ag teacht orthu le déanaí sa mhargadh saothair do dhaoine óga, tá méadú tagtha ar obair na mBallstát le blianta beaga anuas ar dhearadh agus cur i bhfeidhm bearta beartais atá dírithe ar infhostaitheacht na ndaoine seo a mhéadú agus rannpháirtíocht fostaíochta níos mó i measc daoine óga a chur chun cinn. Is féidir na trí thionscnamh beartais seo a ghrúpáil i dtrí phríomhchatagóir: bearta a bhaineann le hoideachas; bearta a bhaineann le fostaíocht agus bearta a éascaíonn an t-aistriú ón scoil go hobair. Tá forbhreathnú gearr sa chuid seo ar na tionscnaimh seo, arb ionann iad agus na chéad torthaí ar an taighde foriomlán ar NEETanna.

### Beartais oideachais

Tá an t-oideachas ina phríomheilimint de bheartais fhostaíochta na n-óg, ós rud é gur deimhníodh go maith go gcuireann ardleibhéil oideachais i measc an daonra le feidhmíocht fháis fhadtéarmach tíortha. Cuimsíonn beartais oideachais bearta a choisceann éirí as scolaíocht go luath agus bearta a chomhtháthaíonn daoine óga a éiríonn as a scolaíocht go luath san oideachas nó oiliúint arís.

Ós rud é go bhfuil laghdú ar sciar na luathfhágálaithe scoile go leibhéal faoi bhun 10% ar cheann de na cúig sprioc ceannlíne san Aontas Eorpach, tá cuid mhaith daoine ar aon intinn go bhféadfadh ardú na haoise scolaíochta éigeantaí cabhrú le líon na luathfhágálaithe scoile a chosc. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag beagnach gach tír san AE ina leith seo. Anuas air sin, thug cuid mhór tíortha maoiniú breise isteach le haghaidh ranganna tacaíochta teagaisc, le cabhrú le daltaí a gcuid fheidhmíochta ar scoil a fheabhsú. I Lucsamburg, tugann córas na classes mosaique deis do scoileanna daltaí atá i mbaol eirí as a scolaíocht a thógáil amach as a ngnáthranganna go sealadach agus iad a chur i rang mósáiceach go ceann 6 go 12 seachtaine, áit a dtugtar cabhair ar leith do gach dalta. I dtíortha áirithe, amhail an Bhulgáir agus an Rómáin, áiteanna a bhfuil baint ag éirí as scolaíocht go luath le bochtaineacht teaghlaigh, soláthraíonn an stát cláir chúnaimh scoile (sneaiceanna, téacsleabhair agus iompar saor in aisce, srl.). Chomh maith leis sin, tá líon na n-áiteanna gairmoideachais atá ar tairiscint méadaithe ag cuid mhaith Ballstát agus tá cláir nua ghairmoideachais cruthaithe acu chomh maith chun daoine óga a spreagadh le fanacht ag gabháil d'oideachas.

I gcás daltaí a éiríonn as a scolaíocht, tá tionscnaimh bunaithe ag cuid mhaith tíortha chun deis a thabhairt dóibh gabháil d'oideachas arís, rud a bhíonn comhcheangailte le hoiliúint phraiticiúil go minic. Sa Fhrainc, mar shampla, tairgeann scoileanna 'dara-deise' oiliúint i mbunscileanna do dhaoine óga idir 18-25 bliain d'aois go ceann tréimhse 9 go 12 mhí.

Tairgeann 'cláir um cháilíocht ghairmoideachais tosaigh' sa Spáinn deis do dhaoine a éiríonn as a scolaíocht go luath clárú i gcúrsaí oiliúna chun dioplóma scileanna gairmiúla nó cáilíocht mheánscolaíochta éigeantaí a fháil, rud a ligeann dóibh clárú i gcúrsa rialta gairmoideachais ina dhiaidh sin.

**Aistriú ón scoil chun na hoibre**

Nuair a fhaigheann daltaí na scileanna agus inniúlachtaí riachtanacha, tá tionscnaimh beartais ar fáil atá in ann a n-iontráil sa mhargadh saothair a éascú. I bhformhór de thíortha an AE, tá an chuma ar an scéal go bhfuil cur chuige comhcheangailte agus comhordaithe ar an tsraith beart is úsáidí chun an t-aistriú ón scoil chun na hoibre a éascú – lena n-áirítear soláthar eolais, comhairle agus treorach ar ghairmeacha, meántóireacht, cúnamh le cuardach poist agus seirbhísí meaitseála post. Sa RA, mar shampla, tairgeann an Clár Margaidh Nua Sholúbtha cur chuige oiriúnaithe do dhaoine óga a fhaigheann leas sóisialach, a bhaineann le comhairle agus comhairleacht phearsanta, forbairt plean gníomhaíochta agus taithí oibre. Tá an-rath ar bhearta a sholáthraíonn taithí oibre, amhail intéirneachtaí, cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí i gcothú infhostaitheacht na n-óg. Bíonn cúrsaí oiliúna agus intéirneachtaí á dtairiscint go forleathan ag gach Ballstát agus tá an earnáil phríobháideach san áireamh i dtíortha áirithe, mar shampla, Clár Ionchais na nÓg sa tSualainn, nó d'fhéadfaidís a bheith eagraithe ag na páirtithe sóisialta, amhail clár Gradlink in Éirinn.

Tá an-rath ar scéimeanna printíseachta mar bheart chun an t-aistriú chun na hoibre a éascú do dhaoine óga agus d'éirigh leis na 'tíortha printíseachta' (an Ostair agus an Ghearmáin) dífhostaíocht i measc an aosa óig a choinneáil go híseal. Go deimhin, tá gach Ballstát Eorpach tar éis a gcláir printíseachta a chur i bhfeidhm nó a neartú le déanaí.

Anuas air sin, thug tíortha áirithe ráthaíochtaí óige isteach, le cinntiú go bhfuil gach duine óg ag obair, nó ag gabháil d'oideachas nó gníomhaíocht oiliúna. San Fhionlainn, mar shampla, tairgtear post, deis oideachais nó beart gníomhachtaithe eile do gach duine dífhostaithe faoi bhun 25 bliain d'aois taobh istigh de thrí mhí ó chlárú leis an tSeirbhís Fostaíochta Phoiblí (PES), trí phlean forbartha pearsantaithe.

**Beartais fhostaíochta**

Thug cuid mhaith tíortha roinnt dreasachtaí isteach (faoiseamh córais chánach, fóirdheontais, ciorruithe ar chostais oibre nach mbaineann le pá, srl.) chun spreagadh a thabhairt do chomhlachtaí daoine óga a earcú agus a oiliúint agus chun poist bhreise a chruthú dóibh. San Ungáir, faigheann daoine a théann isteach sa mhargadh saothair 'cárta tosaigh' a bhíonn bailí ar feadh dhá bhliain. Íocann fostóirí a bhíonn ag earcú daoine a fhaigheann pá cárta tosaigh ranníocaíocht laghdaithe leasa shóisialaigh. Tá bearta ar leith tugtha isteach ag tíortha áirithe chun dreasacht a chur ar fáil le haghaidh earcú daoine faoi mhíchumas nó a bhaineann le cúlra faoi mhíbhuntáiste. Thug tíortha áirithe bearta ar leith isteach chun fiontraíocht agus féinfhostaíocht a chur chun cinn i measc daoine óga, trí sholáthar seirbhísí speisialta do dhaoine óga atá sásta a ngnó féin a bhunú. Mar fhocal scoir, ar mhaithe le bacainní lóistíochúla agus praiticiúla ar fhostaíocht daoine óga a bhaint, tá deontais soghluaisteachta geografaí tugtha isteach ag gach tír, nach mór, chomh maith le bearta speisialta eile atá dírithe ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta orthu nó a bhaineann le cúlra faoi mhíbhuntáiste nó imirceach.

**Conclúid**

Tá réimse leathan bearta beartais tugtha isteach ag gach Ballstát san AE chun daoine óga a thabhairt isteach sa mhargadh saothair nó oideachas arís. Tá cuid de na bearta seo i bhfeidhm le blianta beaga anuas agus tugadh cinn eile isteach le déanaí le déileáil leis na dúshláin atá ann mar gheall ar an ngéarchéim gheilleagrach agus a hiarmhairtí ar dhaoine óga.

Taispeánann na chéad torthaí ar an staidéar go bhfuil réimsí éagsúla de bhealaí cuir chuige comhcheangailte tugtha isteach ag na tíortha agus iad dírithe ar sholáthar na n-inniúlachtaí agus na scileanna cearta atá ag teastáil sa mhargadh saothair a fheabhsú, fad is a chruthaítear deiseanna nua agus níos fearr do dhaoine óga. Tá an chuma air go bhfuil an chuid is mó de na Ballstáit tar éis a dtionscnaimh a éagsúlú i gcomhréir le comharthaí sóirt éagsúla na bhfoghrúpaí NEET, agus aird á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha chomh maith, ar mó an seans go mbeidís thíos le míbhuntáistí agus a d'fhéadfadh a bheith scoite amach ón margadh saothair.

In ainneoin oiriúnaithe nó chur i bhfeidhm na mbeart le déanaí, taispeánann na torthaí nach bhfuil measúnú ar na cláir seo ar fáil go fóill. Ach tá measúnú ar éifeachtacht a leithéid de thionscnaimh ríthábhachtach, go háirithe in am na déine, nuair is gá úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní.

Sa chomhthéacs seo, beidh measúnú ar éifeachtacht sraith roghnaithe bearta polasaí chun infhostaitheacht na n-óg in ocht dtír Eorpacha a chur chun cinn mar chuid de thuarascálacha taighde iomlána Eurofound ar dhaoine óga agus ar NEETanna. Tá sé beartaithe iad seo a fhoilsiú i 2012.

**Tuilleadh faisnéise**

Massimiliano Mascherini, Bainisteoir Taighde
mam@eurofound.europa.eu

An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú
Bóthar Wyattville, Baile Uí Lachnáin, Baile Átha Cliath 18, Éire
Guthán: (+35 1) 204 32 00
R-phost: information@eurofound.europa.eu
Láithreán Gréasáin: http://www.eurofound.europa.eu/

Publications Office

TJ-32-11-956-GA-C

EF/11/72/GA